RÚN (AE) 2023/1908 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0079/2023),

A. de bhrí gur bunaíodh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ([1]);

B. de bhrí gurb é OIPE oifig nua neamhspleách ionchúisimh phoiblí an Aontais agus go bhfuil sé freagrach as coireanna in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus as lucht déanta cionta coiriúla agus a gcomhchoirithe sna cionta sin a thabhairt chun breithiúnais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus arna léiriú le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle;

C. de bhrí go ndéanann OIPE idirghabháil i gcás inarb iad na húdaráis náisiúnta amháin a d'fhéadfadh na coireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ach ina raibh deireadh lena gcumhachtaí ag teorainn a dtíre, agus gan na cumhachtaí riachtanacha ag eagraíochtaí eile amhail Eurojust, OLAF agus Europol chun na himscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla ábhartha a dhéanamh;

D. de bhrí go gcuimsítear in inniúlacht OIPE líon cineálacha calaoise, lena n-áirítear calaois CBL a ngabhann damáistí os cionn EUR 10 milliún léi, sciúradh airgid, an éillitheacht agus cineálacha eile a bhfeidhmíonn OIPE feidhmeanna ionchúisitheora i gcúirteanna inniúla na mBallstát rannpháirteach i ndáil leo, go dtí go mbeidh an cás go críochnaitheach;

E. de bhrí go bhfuil gníomhartha nós imeachta OIPE faoi réir athbhreithniú breithiúnach ag na cúirteanna náisiúnta agus go bhfuil cumhachtaí iarmharacha ag an gCúirt Bhreithiúnais – trí réamhrialuithe nó athbhreithnithe breithiúnacha ar na gníomhartha sin – chun a áirithiú go gcuirtear dlí AE i bhfeidhm go comhsheasmhach;

F. de bhrí go bhfuil OIPE comhdhéanta de leibhéal lárnach, a bhfuil a cheanncheathrú i Lucsamburg, ina bhfuil an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach, 22 Ionchúisitheoir Eorpach (ceann in aghaidh gach tír is rannpháirtí) agus an Stiúrthóir Riaracháin, agus de leibhéal díláraithe (náisiúnta) ina bhfuil na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha (ITE) sa 22 Bhallstát Aontais atá rannpháirteach;

G. de bhrí, ag an leibhéal lárnach, gurb é an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach agus an 22 Ionchúisitheoir Eorpacha le chéile a dhéanann Coláiste OIPE agus go maoirsíonn sé na himscrúduithe agus ionchúisimh ar an leibhéal náisiúnta arna ndéanamh ag ITEnna, a oibríonn le neamhspleáchas iomlán ar a n-údaráis náisiúnta;

H. de bhrí, faoi Airteagal 93 de Rialachán (AE) 2017/1939 go ndéanfaidh Stiúrthóir Riaracháin OIPE, ag gníomhú dó mar oifigeach údarúcháin na hOifige, buiséad na hoifige a chur chun feidhme faoina freagracht féin agus laistigh de na teorainneacha a údaraítear sa bhuiséad, agus an fhaisnéis uile a bhaineann le cinntí aon nósanna imeachta meastóireachta a sheoladh gach bliain chuig an údarás buiséadach;

([1]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

([2]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

I. de bhrí, i gcomhréir le hAirteagal 50(2) de Rialacha Airgeadais OIPE, go ngníomhóidh Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin mar Oifigeach Cuntasaíochta OIPE freisin agus go mbeidh sé freagrach as na cuntais bhliantúla, a chomhdhlúthaítear le cuntais an Aontais, a ullmhú;

J. de bhrí, faoin gcreat reatha, gurb í an Chúirt a iniúchann na cuntais bhliantúla chríochnaitheacha agus gur faoin gComhairle atá sé moladh a dhéanamh agus faoi Pharlaimint na hEorpa cinneadh a dhéanamh maidir le hurscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir Riaracháin na hOifige i leith chur chun feidhme an bhuiséid do bhliain airgeadais ar leith;

K. de bhrí gur chuir an Oifig tús lena gníomhaíochtaí oibriúcháin ar an 1 Meitheamh 2021 agus gur bhain sí neamhspleáchas airgeadais amach ón gCoimisiún Eorpach amhail ón 24 Meitheamh 2021 agus go bhfuil an chéad sraith de na cuntais bhliantúla á cur ar fáil aici i mbliana;

1. á chur in iúl gur geal léi an tuairim dhearfach ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le hiontaofacht chuntais OIPE don bhliain airgeadais 2021 agus maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus na n-íocaíochtaí is bun leo;

2. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh maidir le struchtúr oibríochtúil agus córas tacaíochta a chur ar bun lena gcumasófar di feidhmiú mar oifig ionchúisimh neamhspleách an Aontais, go háirithe, foireann a earcú don leibhéal lárnach agus do na leibhéil dhíláraithe, córas dílsithe a shocrú le haghaidh bainistiú cásanna, lena n-áirítear bogearraí a fháil agus rochtain a fháil ar bhunachair sonraí atá ábhartha d'fheidhmiú a feidhmeanna agus an dianchomhoibriú a tionscnaíodh leis na comhpháirtithe ábhartha;

3. á chreidiúint, ón taithí a fuarthas sa chéad bhliain de ghníomhaíocht oibríochtúil agus bhainistiú riaracháin OIPE, gur sainaithníodh líon laigí i Rialachán (AE) 2017/1939 agus, dá bhrí sin, gur gá don Choimisiún idirghabháil thráthúil a dhéanamh; ag iarraidh ar an gCoimisiún a bheith rannpháirteach in idirphlé gníomhach le OIPE agus togra leorchuimsitheach le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2017/1939 a chur isteach gan mhoill, d'fhonn réiteach a fháil ar na heasnaimh atá ann faoi láthair, go háirithe i bpróisis inmheánacha a bhaineann le hacmhainní airgeadais agus daonna; á iarraidh ar OIPE an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas, ar bhealach tráthúil, faoi na bearta a rinneadh chun réiteach a fháil ar na laigí nó ar easnaimh fhéideartha nua a sainaithníodh;

4. ag cur béim ar an bhfíoras go meastar gur airgead an Aontais iad na híocaíochtaí uile a dhéantar chun garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh bunaithe ar athchóirithe agus infheistíochtaí a dtugtar tuairisc orthu sna pleananna náisiúnta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF); á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, go dtagann gach tionscadal, idirbheart, tairiscint nó gníomhaíocht ghaolmhar eile faoi shainordú OIPE; á iarraidh ar na Ballstáit uile comhoibriú go hiomlán le OIPE sna himscrúduithe uile a bhaineann le cur chun feidhme RRF;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

5. ag tabhairt dá haire gurbh é EUR 26,3 milliún an buiséad foriomlán a leithdháileadh ar OIPE do 2021, laghdú ar an EUR 45 mhilliún sa dearlaic thosaigh; ag tabhairt dá haire gur leithdháileadh agus gur úsáideadh EUR 9 200 000 breise agus OIPE fós ag feidhmiú ó thaobh airgeadais de mar chuid den Choimisiún; á chur in iúl go dtuigeann sí, as an méid EUR 45 mhilliún a rabhthas ag súil léi ar dtús, gur tugadh EUR 9 500 000 ar ais do bhuiséad an Aontais; á chur i bhfios gur bhain an EUR 9,5 milliún a tugadh ar ais leis an moill ar cheapacháin na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus le tús oibríochtaí OIPE araon, agus leis an gcion den bhuiséad a deonaíodh chun foireann reachtúil a fhostú a bheith gan caitheamh toisc nach ndearnadh an plean bunaíochta a oiriúnú dá réir;

6. ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh buiséad OIPE go suntasach in 2021 i gcomparáid le 2020 (EUR 11,6 milliún) mar iarmhairt ar cheartú a rinneadh ar an tearcmheasúnú ar líon na gcásanna a cuireadh ar fáil in 2017 le linn Rialachán (AE) 2017/1939 a ghlacadh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé acmhainní daonna agus airgeadais a chur in oiriúint don ualach oibre atá ag dul i méid agus chun buiséad OIPE a mhéadú dá réir.

7. ag tabhairt dá haire go ndearnadh 97 % de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 71 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme sa bhuiséad; á chur i bhfios go láidir gur tugadh 26 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí anonn go 2022; ag tabhairt dá haire go ndearnadh 83 % de na hidirbhearta

íocaíochta laistigh den teorainn ama reachtúil agus gur 21,1 lá a bhí sa mheántréimhse íocaíochta; á chur i bhfios go láidir go raibh 34 % de na híocaíochtaí déanacha aon lá amháin déanach agus go raibh 75 % de na híocaíochtaí déanacha níos lú ná cúig lá déanach; ag spreagadh OIPE an mhoill ar íocaíochtaí a laghdú trí úsáid iomlán éifeachtúil a bhaint as réitigh leictreonacha lena rannchuideofaí freisin leis na hinstitiúidí a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos inbhuanaithe;

8. ag tabhairt le fios, tríd is tríd, nach raibh aon tionchar sonrach ag paindéim COVID-19 ar ghníomhaíochtaí OIPE ó thaobh aistriú fuílleach, aistrithe nó infheistíochtaí a bhfuil gá leo nó ar chostais mhargaidh earraí agus seirbhísí; á thabhairt le fios, áfach, go bhféadfadh sé gur rannchuidigh paindéim COVID-19, a bheag nó a mhór, le ceapachán tráthúil ITEnna a chosc, le moill a chur ar thús na n-oibríochtaí ionchúisimh agus imscrúdaithe;

9. ag tabhairt dá haire gurb é córas dílsithe TF OIPE an tsócmhainn dholáimhsithe is tábhachtaí, ar córas é a úsáidtear chun cásanna OIPE agus sonraí eile faoi rún a iontráil, a bhainistiú agus a tharchur ar bhealach slán agus atá nasctha le córais na mBallstát (Córas Bainistithe Cásanna - CBC); ag tabhairt dá haire gur cuireadh tús le forbairt na mbogearraí sin sular tháinig OIPE chun bheith neamhspleách ar an gCoimisiún agus go ndearnadh an luach intreach a íocadh go dtí sin ar CMS a aistriú ón gCoimisiún;

10. á lua gur aistríodh formhór na sócmhainní inláimhsithe chuig OIPE ón gCoimisiún saor in aisce agus gur aithníodh an t-ioncam comhfhreagrach ón deonúchán sin mar ioncam sna cuntais;

11. ag tabhairt dá haire maidir leis an aistriú sainphribhléidí agus freagrachtaí sin ón gCoimisiún le deireanas, fiú más rud é go rabhthas ag dréim leis faoin socrú cur chun feidhme a comhaontaíodh, i ndiaidh Rialachán (AE) 2017/1939 a ghlacadh, go gceanglaíonn sé fós ar OIPE iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar cheist na n-íocaíochtaí déanacha, a rialacha airgeadais inmheánacha a chomhlíonadh lena n-áirítear rialuithe a bhaineann le gnéithe oibríochtúla agus airgeadais a hoibríochtaí;

12. ag spreagadh OIPE na nósanna imeachta um shonrascú leictreonach a úsáid chun a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le híocaíochtaí a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla;

13. ag tabhairt dá haire go ndearnadh na costais bhreise ábhartha, a bhaineann le gníomhaíochtaí oibríochtúla (cruinnithe agus misin), arna dtabhú ag ITEnna sa bhreis ar a luach saothair, a mheas mar chaiteachas oibríochta mar chuid de bhuiséad OIPE faoi Airteagal 91(5) de Rialachán (AE) 2017/1939;

14. á chur in iúl go dtuigtear di go bhfuil OIPE ag féachaint an bhféadfaí teacht ar sheirbhísí aistritheoirí náisiúnta faoi bhrí mionna, a mbeadh aitheantas ó na húdaráis náisiúnta inniúla acu mar sholáthraithe eisiacha aistriúchán deimhnithe a bheadh inghlactha agus inúsáidte i dtrialacha cúirte, nó rannchuidiú go díreach le costais arna dtabhú ag ITEnna as seirbhísí den sórt sin, trí na costais a tabhaíodh ar an leibhéal náisiúnta a aisíoc leo;

15. á mheabhrú go n-éilítear le cur chun feidhme Airteagail 31, 91(5) agus 91(6) de Rialachán (AE) 2017/1939, ina leagtar amach na cásanna ina bhféadfadh sé go mbeadh gá le ranníocaíocht airgeadais ó bhuiséad OIPE chun costais imscrúdaithe a chumhdach ar an leibhéal díláraithe agus bearta imscrúdaitheacha costasacha arna ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta, nach lamháiltear leo, faoi láthair, speansais arna dtabhú ag na córais cheartais náisiúnta a aisíoc; á chur i bhfios, mar gheall ar íogaireacht agus rúndacht oibríochtaí OIPE, go bhféadfadh sé nach mbeifí ar an eolas faoi sheoladh nós imeachta soláthair agus, dá bhrí sin, go gcuirfear i gcuntas sna rialacha an fhéidearthacht comhaontuithe maoiniúcháin agus comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse a thabhairt i gcrích idir OIPE agus na Ballstáit; ag tathant ar an gCoimisiún gníomhú i ndáil leis seo, agus leasuithe iomchuí ar an Rialachán Airgeadais a mholadh agus a i gcuntas nach mór ualach na gcostas sin a leithdháileadh i gcomhlíonadh phrionsabal na comhréireachta;

16. á chur in iúl gur feasach di, i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh, go ndéanfar riachtanais OIPE a chur in iúl don Choimisiún faoin 31 Eanáir don bhliain ina dhiaidh sin; á lua go ndéantar an t-ualach measta cásanna (meánlíon na dtuarascálacha coireachta isteach agus na n-imscrúduithe a dhéantar a sheoladh, agus leibhéal aibíochta na n-imscrúduithe atá ar siúl) a mheas go cuí le toradh na réamhaisnéise, atá ábhartha do chainníochtú na riachtanas sin; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, nach gcuirtear san áireamh sa réamhaisnéis sin tionchar úsáid na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), a thug méadú ar líon na n-acmhainní atá ar fáil agus ar an riosca calaoise agus drochbhainistíochta; á chur i bhfios, maidir le cainníochtú na riachtanas buiséadach, go mbaineann castacht bhreise leis toisc inniúlacht shainordaitheach a bheith ag OIPE, ionas nach bhfuil aon discréid aici maidir lena oiriúnaí atá sé

imscrúduithe agus ionchúisimh a dhéanamh, agus toisc nach mbíonn aon chomhghaolmhaireacht chinnte idir líon na n-imscrúduithe agus na costais a bhaineann leo agus ar fíordheacair iad a thuar; á chur i bhfios go láidir gur gá acmhainní leordhóthanacha agus na sainchumais riachtanacha a chur ar fáil do OIPE chun go mbeidh sí in ann a cúraimí a dhéanamh go rathúil;

17. ag tabhairt le fios gur iarradh soiléiriú i ngach Ballstát rannpháirteach faoin tslí a dtuairisceofar do OIPE ar chalaois a dhéanfadh difear don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go bhfuil plé leanúnach ar siúl faoin tslí a bhféadfadh OIPE idirghabháil éifeachtach a dhéanamh i ndáil leis;

18. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa cinnteachta maidir leis na bearta feabhais a d'fhéadfaí a ghlacadh i ndiaidh calaoisí den sórt sin a bhrath agus a ionchúiseamh, ar calaoisí iad a dhéanfadh difear don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta;

19. ag tathant ar an gCoimisiún treoir leordhóthanach a chur ar fáil i ndáil leis sin agus mioneolas a thabhairt don údarás buiséadach faoi na roghanna;

20. ag teacht leis an tuairim go bhfuil teorainn á cur leis na roghanna ar cheart a chur ar fáil chun an tsolúbthacht is mó is féidir a bhaint amach maidir le bonneagar eagraíochtúil a thógáil le haghaidh fhorbairt chomh nuálach le OIPE toisc nach ann do chreat acmhainní meántéarmach i gcomhair OIPE, ó thaobh buiséid agus foirne de araon, tráth ar den riachtanas gníomhú go beo chun dlús a chur leis na hoibríochtaí agus bunaíochtaí riaracháin a bhunú;

Bainistíocht inmheánach, feidhmíocht agus rialú inmheánach

21. ag spreagadh OIPE chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a shraith táscairí feidhmíochta, agus tógáil ar an taithí oibríochtúil maidir lena shamhail oibríochta áirithe féin a reáchtáil;

22. ag tabhairt dá haire, in 2021, go bhfuair Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh 2 832 thuarascáil ar chionta féideartha - 1 351 ó údaráis náisiúnta, 190 ó institiúidí, comhlachtaí, eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí Aontais, 1 282 ó pháirtithe príobháideacha agus 9 dtuarascáil ex officio; á chur in iúl go dtuigtear di, tar éis d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh an fhaisnéis a tuairiscíodh i gcomhréir le hAirteagal 24(6) de Rialachán (AE) 2017/1939 a fhíorú, gur tháinig sí ar an tuairim go raibh forais ann chun a hinniúlacht a fheidhmiú agus imscrúduithe a dhúiseacht nó a thionscnamh in 576 chás (agus 84 mheasúnú ar feitheamh i ndeireadh 2021), agus go ndearnadh 31 chás díobh a chur ar aghaidh chuig na húdaráis náisiúnta tar éis do OIPE a inniúlacht a fheidhmiú; ag tabhairt dá haire gur eisigh OIPE cúig dhíotáil in 2021 agus gur ordaigh na cúirteanna ciontú críochnaitheach i gcásanna OIPE agus go raibh trí chás eile inar feidhmíodh nósanna imeachta simplithe ionchúisimh;

23. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil OIPE i mbun plean cuimsitheach leanúnachais gnó a ghlacadh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé plean leanúnachais gnó a ghlacadh a luaithe is féidir chun aon chur isteach ar a ghnó a sheachaint ach freisin chun go n-ullmhófar é i gcás imeachtaí suaite amach anseo;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannpháirteacha breithniú a dhéanamh ar shíneadh a chur le sainordú agus inniúlachtaí OIPE chun go n-áireofaí imscrúdú, ionchúiseamh agus sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais a thabhairt faoi réim an cheartais;

Acmhainní daonna, comhionannas agus folláine na foirne

25. ag tabhairt moladh d'iarrachtaí OIPE a bheith rannpháirteach i ndianphróiseas earcaíochta agus ionduchtúcháin, agus é mar sprioc a ráthú go mbainfear acmhainn oibríochtúil iomlán amach gan mhoill;

26. ag tabhairt dá haire go bhfuil ráta áitíochta 94 % ann i gcás poist shealadacha agus poist mar ghníomhairí ar conradh, agus maidir leis an 22 Bhallstát rannpháirteacha go raibh 95 ITE ann as 140 dár buiséadaíodh i dtosach;

27. á chur in iúl go dtuigtear di, ag deireadh 2021, go raibh 217 mball foirne ar an iomlán ag OIPE, as a raibh 122 ghníomhaire reachtúla (91 ghníomhaire shealadacha agus 31 ghníomhaire ar conradh) fostaithe sa lároifig, agus go raibh 95 chomhairleoir speisialta ag obair sna hoifigí náisiúnta agus cothromaíocht mhaith inscní sa dá oifig; á thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil dáileadh inscne i measc na gcúig phost bainistíochta fo-optamach (ceathrar fear agus bean amháin) agus gur cheart an ghné sin a fheabhsú, mar aon le straitéis éagsúlachta a fhorbairt, chun spreagadh leormhaith do dhaoine faoi mhíchumas iarratas a dhéanamh ar phoist in OIPE a áireamh;

28. á chur in iúl gur oth léi nár éirigh le nósanna imeachta roghnúcháin ITEnna i roinnt Ballstát arís agus arís eile na poist a ndearnadh buiséadú orthu ar dtús a líonadh ar chúiseanna éagsúla, ina measc leibhéal an luacha saothair (80 % de leibhéal AD9 – i gcomhréir le stádas na gComhairleoirí Speisialta, nach bhfuil i gcomhréir leis na cáilíochtaí agus an taithí a bhfuiltear ag súil leo ó EDPanna uaireanta), easpa peirspictíochta soiléire gairme, chomh maith le héiginnteacht maidir lena gcumhdach slándála sóisialta agus árachais sláinte;

29. á chreidiúint, maidir leis an gcastacht a eascraíonn as stádas riaracháin ITEnna (a bhfuil na Ballstáit le foráil a dhéanamh dá gcearta sóisialta agus dá sochair shóisialta, lena n-áirítear cearta pinsin, córais ama oibre agus saoire, agus go mbeidh an luach saothair, arna ríomh mar chéatadán de luach saothair oifigigh Aontais, á chur ar fáil ó bhuiséad an Aontais), go mbaineann sí de tharraingteacht na bpost sin agus de roghnaitheacht a bpróisis ceapacháin;

30. á chur in iúl go dtuigtear di gur baol do neamhspleáchas breithiúnach é cur i bhfeidhm Rialacha Cur Chun Feidhme na Rialachán Foirne ginearálta maidir le ITEnna, ach, faoin nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne, agus gan an Coimisiún a bhailíochtú roimh ré, nach lamháiltear le stádas OIPE rialacha malartacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le ITEnna; á mheabhrú gurb é OIPE an t-aon institiúid de chuid an Aontais a fhostaíonn ionchúisitheoirí agus go bhfuil a neamhspleáchas ríthábhachtach do dhea-fheidhmiú na hoifige ionchúisimh; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin agus an tsolúbthacht is gá a áirithiú laistigh den chreat dlíthiúil chun freastal go hiomlán ar stádas speisialta na n-ionchúisitheoirí mar fhoireann OIPE á chreidiúint go dtugann an staid sin breithnithe breise le tacú tuilleadh le Rialachán (AE) 2017/1939 agus stádas OIPE a athbhreithniu;

31. ag moladh bhainistíocht OIPE as gach gníomhaíocht inmharthana a d'fhéadfadh a bheith ann a ghlacadh, laistigh dá sainchumais, chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar, na hacmhainní atá ar fáil a chur in úsáid chun an ráta áitíochta a mhéadú agus dlús a chur leis an bpróiseas earcaíochta, in ainneoin na saincheisteanna tar éis na paindéime; á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas faoi na srianta iar-phaindéime agus faoi shainiúlachtaí mhargadh saothair fíoriomaíoch Lucsamburg, agus á thabhairt faoi deara go bhfuil teorainn le héagsúlacht gheografach na n-iarrthóirí chun iarratas a dhéanamh ar phoist mar thoradh ar neamhtharraingteacht Lucsamburg mar áit fostaíochta, go príomha mar gheall ar an gcostas ard maireachtála; á lua, ó thaobh an phacáiste airgeadais agus na peirspictíochta gairme de i dteannta a chéile, nach bhfuil Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh chomh hiomaíoch leis na ceithre Institiúid eile Aontais a bhfuil fostaithe acu i Lucsamburg (an Pharlaimint, an Coimisiún, an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Iniúchóirí), sa mhéid nach bhféadfadh sé conair i dtreo post mar oifigeach Aontais a thairiscint agus go ndearnadh an t-aon ghníomhaireacht Aontais amháin a bhí i Lucsamburg a nascadh, agus a aistriú go dtí an Bhruiséil faoin CAI reatha;

32. á chur in iúl gur cúis bhuartha di cé chomh minic a úsáidtear seirbhísí tráchtála tríú páirtí agus sásraí sealadacha oibrithe sa chuid is mó de na réimsí nár imréitíodh baill foirne phoiblí de chuid an Aontais iontu, agus gur cruthaíodh dálaí oibre fo-optamacha uaireanta mar thoradh ar ualaí troma oibre ar feadh i bhfad ar líon suntasach d'fhoireann OIPE; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt, gan a thuilleadh moille, ar thearcfhoireann OIPE agus a phleananna bunaíochta amach anseo á moladh aige;

33. ag aontú le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go bhfuil na heasnaimh a thugtar le fios sa bhainistiú airgeadais ina léiriú freisin ar easpa acmhainní arna leithdháileadh ar na feidhmeanna airgeadais agus soláthair, agus ina laige i mbainistiú acmhainní daonna OIPE;

34. á aithint maidir le hacmhainní daonna nach mór féachaint le lánchomhlíonadh phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne a ráthú, agus cé gurb eol di a oiread práinne agus brú a bhain le céimeanna tosaigh ghníomhaíochtaí oibríochtúla OIPE, á mheabhrú a riachtanaí atá sé beart leantach a dhéanamh i gcás chinntí na Cúirte maidir le cur chun feidhme roinnt nósanna imeachta earcaíochta;

35. á chur in iúl gur mór aici go n-imlonnaítear thart ar 86 % den fhoireann earcaithe, ar fud ranna OIPE, i ngníomhaíochtaí a bhaineann le himscrúduithe (is é sin, 186 bhall foirne, lena n-áirítear na 95 ITE);

36. ag tabhairt dá haire go bhfuil straitéis foirne OIPE dírithe ar acmhainní oibríochtúla a mhéadú sna blianta 2022 agus 2023, go mbeidh ar fheidhmeanna tacaíochta riaracháin agus lárnacha fás chomh maith, chun go mbeidh siad in ann tacú leis an daonra oibríochtúil atá ag dul i méid, agus go mbeidh earcaíocht bhreise ríthábhachtach freisin i réimse na comhlíontachta agus na bhfeidhmeanna bainistithe riosca agus i réimse na seirbhísí digiteacha agus slándála;

37. ag tabhairt dá haire, faoi na socruithe oibre a glacadh le haghaidh 2021, i ndiaidh filleadh ar an oifig a údarú, gur leagadh síos obair ón mbaile ar feadh suas le 2,5 lá sa tseachtain agus go raibh an rogha sin in úsáid go forleathan ag tromlach na foirne; á chur in iúl go dtuigtear di, go ndéanfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a beartas maidir le ham oibre agus obair hibrideach a ailíniú leis na rialacha cur chun feidhme is déanaí ón gCoimisiún;

Creat eitice, agus trédhearcacht

38. ag tabhairt dá haire go bhfuil Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh i mbun ghnéithe bunriachtanacha a creata eitice a fhorbairt; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac sí straitéis frithchalaoise mar chuid dá bainistiú rioscabhunaithe, go soláthraíonn gach ball foirne dearbhú coinbhleachtaí leasa, go bhfuil gach ball foirne a imlonnaítear in oibríochtaí faoi réir ceanglas pearsanta imréitigh slándála agus go ndéantar dearbhuithe leasanna a iarraidh agus a scagadh i gcás na ról uile mar ionchúisitheoirí agus i gcás an Stiúrthóra Riaracháin;

39. á aithint gur ghlac Coláiste OIPE rialacha cur chun feidhme maidir le sceithireacht, agus á chur in iúl go dtuigtear di sí go bhfuil na forálacha sin faoi réir céimeanna breise cur chun feidhme praiticiúil anois;

40. á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas faoin gcás ar chuir an tOmbudsman Eorpach tús leis in 2021 i ndáil le nós imeachta ceapacháin i gcás Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach; á chur in iúl go dtuigtear di, ós rud é gur thug an gearánaí céanna an gearán céanna i láthair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur chinn an tOmbudsman Eorpach an cás a dhúnadh ag cur san áireamh nach bhféadfaidh an tOmbudsman gearáin a scrúdú i gcás ina bhfuil nó ina raibh na saincheisteanna a ardaíodh ina n-ábhair d'imeachtaí dlí;

41. á iarraidh go gcuirfí deireadh le húsáid cuideachtaí seachtracha a leanann, de réir rangú Ollscoil Yale ([3]), de bheith ag feidhmiú sa Rúis;

Digiteáil, cibearshlándáil agus cosaint sonraí

42. á lua go bhfuil córas bainistithe cásanna OIPE bunaithe ar chóras arna fhorbairt ag AS COMP an Choimisiúin, agus cé nár pléadh bhfuil roghanna go fóill maidir leis an gcóras sin a nascadh le huirlisí coibhéiseacha eile (atá in úsáid ag OLAF nó Europol mar shampla), go n-áirithítear ardleibhéal idirinoibritheachta mar sin féin trí leas a bhaint as coincheapa agus comhpháirteanna arna bhforbairt agus arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún;

43. ag tabhairt dá haire go bhfuil CMS OIPE á bhainistiú go hiomlán ag OIPE agus, cé go ndéantar a fhorbairt a sheachfhoinsiú, gur foireann dhílsithe de chuid clár CMS OIPE a dhéanann an conradh a bhainistiú; ag tabhairt dá haire gur i lárionad sonraí Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh féin, ar lárionad é atá á bhainistiú ag foireann tacaíochta dhílsithe an chórais bainistithe cásanna, a dhéantar an córas oibríochtúil agus a chuid sonraí a stóráil agus a phróiseáil;

44. á chur in iúl gur mór a meas ar an aird atá á tabhairt ar úsáid na seirbhísí uathaistriúcháin, agus ar fhorbairt 'tairseach aistriúcháin' le haghaidh ionchúisitheoirí, foireann na lároifige agus foireann eile chun feabhas a chur ar a éifeachtúlaí a láimhseáiltear cásanna agus teorainn a chur leis an méadú ar chostais a bhaineann le haistriúcháin, ar costais iad a mheastar a dtiocfaidh méadú orthu ag cur san áireamh go bhfuil ag méadú ar ualach oibre na hOifige;

45. ag spreagadh na hOifige chun acmhainn chibearshlándála dá cuid féin a fhorbairt tuilleadh chun seirbhísí CERT-EU agus AS DIGIT sa Choimisiún a fhorlíonadh agus comhoibriú leo;

46. ag tabhairt dá haire, in 2021, gur infheistíodh EUR 547 000 i dtrealamh agus suiteálacha teicniúla, closamhairc agus gur infheistíodh EUR 872 000 agus EUR 4 871 000 in earraí/seirbhísí TFC riaracháin agus oibríochtúla faoi seach (crua-earraí, bogearraí, seirbhísí, anailís, ríomhchlárú agus cúnamh teicniúil); á lua gur bhain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh lánúsáid, le linn 2021, as na forbairtí ag éirí as coigeartuithe oibre Covid-19, go raibh sí ag brath ar AS DIGIT an Choimisiúin le haghaidh saoráidí físchomhdhála agus gur lainseáil sí tionscadal chun seomraí cruinnithe OIPE uile a uasghrádú ionas go mbeidh acmhainn físchomhdhála iontu uile;

([3]) https://som.yale.edu/story/2022/over-1000-companies-have-curtailed-operations-russia-some-remain

Foirgnimh agus slándáil

47. á chur in iúl gur feasach di go bhfuair OIPE, le linn 2021, ó rialtas Lucamburg, 8 335 mhéadar chearnacha de spás oifige ar fad, saor in aisce, ar spás oifige é a mbeadh cíosa costas thart ar EUR 3 901 000 in aghaidh na bliana air, agus ina theannta sin, gur thairg rialtas Lucsamburg urláir a athchóiriú, a meastar gurbh fhiú costas EUR 2 700 000 é, a dhéanamh saor in aisce;

48. ag tabhairt dá haire nár síníodh aon chomhaontú léasa go fóill le húdaráis an Bhallstáit óstaigh a sholáthraíonn an spás oifige saor in aisce, d'ainneoin an mhéid a leagtar amach in Airteagal 3.2 den Chomhaontú Ceanncheathrún; ag aontú le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa nuair a thugann sí chun suntais conas go bhféadfadh sé go mbainfí de OIPE leis an easpa comhaontaithe oifigiúil léasa i scríbhinn an chobhsaíocht fhadtéarmach leormhaith is gá chun a dhualgais a chomhlíonadh; á chur in iúl go dtuigtear di go ndearna Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a cuid féin a chur i gcrích agus gur chuir sí an t-ábhar ar aghaidh chuig údarás an Bhallstáit is óstach; á iarraidh go ndéanfaidh rialtas Lucsamburg an próiseas a luasú agus ar an nós imeachta a thabhairt i gcrích gan a thuilleadh moille;

Comhshaol agus inbhuanaitheacht

49. ag tabhairt dá haire gurb iad údaráis Lucsamburg a sholáthraíonn an foirgneamh atá á áitiú ag OIPE agus na seirbhísí ábhartha, agus gurb iad údaráis Lucsamburg freisin a dhéanann cúram d'infheistíochtaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus feidhmíocht fuinnimh;

50. á iarraidh ar OIPE straitéis a ghlacadh le haghaidh ghluaisteacht inbhuanaithe a fhoirne;

Comhar idirinstitiúideach

51. ag tabhairt moladh do na hiarrachtaí atá déanta ag OIPE dul i mbun dianchomhoibriú agus dianchomhordú le comhpháirtithe agus geallsealbhóirí;

52. á chur i bhfios go láidir go ndearna OIPE, in 2021, comhaontú comhair a chur i gcrích leis an gCoimisiún agus socruithe oibre a chur i gcrích le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, OLAF, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Eurojust;

53. á chur in iúl gur geal léi gur síníodh 21 Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse agus Mheabhrán Tuisceana le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile Aontais chun na sochair a eascraíonn as ionstraimí conarthacha atá ann cheana a uasmhéadú;

54. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé dul i mbun idirphlé táirgiúil leis na Ballstáit neamh-rannpháirteacha; ag tabhairt dá haire gur oscail OIPE, in 2021, 48 n-imscrúdú a bhain le Ballstáit neamh-rannpháirteacha; ag tabhairt dá haire maidir le comhar a bhfuil na hionstraimí ábhartha Aontais maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla mar bhunús leis, go n-oibríonn sé go réidh leis an Danmhairg, an Ungáir agus an tSualainn, fiú más ar ráta é atá éagsúil leis an ráta leis na tíortha rannpháirteacha; á chur in iúl go n-aontaíonn sí leis an ábhar imní atá curtha in iúl ag an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach maidir leis an easpa comhair ó Éirinn agus ón bPolainn in imscrúduithe sin OIPE nach mór fianaise ón dá Bhallstát neamh-rannpháirteacha sin a bhailiú dóibh;

55. á chur in iúl gur cúis bhuartha di easpa comhair ó Bhallstáit neamh-rannpháirteacha, ó thús oibríochtaí OIPE i mí an Mheithimh 2021, easpa comhair a dhéanann difear go háirithe do bhailiú fianaise; ag cur béim ar an bhfíoras, amhail ó 2022, gurbh é líon imscrúduithe OIPE a raibh baint ag an bPolainn leo an líon is airde d'aon tír neamh-rannpháirteach; á chur in iúl gur oth léi gur chuir an Pholainn moill mhór ar thabhairt isteach an leasaithe is gá ina cód um nós imeachta coiriúil chun an socrú oibre le OIPE a oibríochtú; ag tabhairt dá haire gur glacadh an leasú thuasluaite ó shin; á iarraidh ar na Ballstáit neamh-rannpháirteacha a n-oibleagáidí a urramú go hiomlán maidir le comhar dílis le OIPE a áirithiú;

56. a iarraidh ar an gCoimisiún leathnú rannpháirtíocht na mBallstát eile nach bhfuil rannpháirteach in OIPE a chur chun cinn trí; á iarraidh ar na tíortha sin imeacht ó chuir chuige a bhféadfadh limistéir imdhíonachta agus pribhléide a bheith mar thoradh orthu, agus comhaontuithe comhair a ghlacadh ar a laghad lena n-éascófar forghníomhú ghníomhaíochtaí OIPE go héifeachtach, lena n-áiritheofar comhar dílis le OIPE; ag spreagadh OIPE freisin socruithe oibre éifeachtúla agus éifeachtacha a aimsiú leis na cúig Bhallstát neamh-rannpháirteacha de chuid an Aontais agus a shainiú conas is féidir le OIPE comhoibriú níos fearr leo;

57. á lua go bhfuil an comhoibriú a dhéanann OIPE leis an gCoimisiún i réimsí an téarnaimh riaracháin agus na mbeart réamhchúraim, arna rialú le hAirteagal 103(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, á rialú faoin gcomhaontú Comhair leis an gCoimisiún; á thabhairt faoi deara, i ndáil leis an méid sin go sonrach, nár chuir OIPE aon aiseolas ar fáil go fóill; á chur in iúl go dtuigtear di, chun an comhar faoi Airteagal 103(2) a chur chun feidhme go rathúil, go mbeidh comhordú le déanamh leis na ITEnna sna Ballstáit agus gur feasach di gur den riachtanas neamhspleáchas agus comhsheasmhacht Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh mar phrionsabal ginearálta, a chomhlíonadh d'fhonn a himscrúduithe a bheith éifeachtúil agus éifeachtach; á iarraidh ar OIPE na ITEnna a chomhairliú ina n-iarrachtaí maidir le tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an Choimisiúin buiséad an Aontais a choimirciú, agus á iarraidh go dtuairisceoidh OIPE agus an Coimisiún araon ar an ábhar sonrach sin;

58. ag spreagadh OIPE oibriú go dlúth agus a comhar le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, le OLAF agus leis an Ombudsman a neartú chun dúbláil imscrúduithe a sheachaint agus ag cur béim ar an ngá atá ann réimsí leasa fhrithpháirtigh a phlé;

59. ag cur sonrú i stádas breathnóra OIPE i nGréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) ó mhí na Nollag 2020 agus sa Mheitheal um Breabaireacht in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta (WGB), agus sa chuireadh a bheith rannpháirteach mar bhreathnóir freisin i gcruinnithe débhliantúla Oifigigh um Fhorfheidhmiú an Dlí (LEO) de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) agus na réamhchruinnithe a tionóladh in 2021 le Rúnaíocht an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF/GAFI) chun iarratas OIPE mar bhreathnóir a ullmhú

Cumarsáid

60. ag tabhairt dá haire gurb é ardán an tsuímh gréasáin chorparáidigh (www.eppo.europa.eu) an phríomháit le haghaidh cumarsáid sheachtrach na hinsitiúide, agus go ndéantar é a chomhroinnt le cuntais oifigiúla OIPE ar Facebook, Twitter agus LinkedIn, agus go dtairgtear raon roghanna isteach sna hardáin sin (iarratas le haghaidh rochtain phoiblí ar dhoiciméid, foirmeacha teagmhála le haghaidh saoránach, iriseoirí, agus iarratasóirí féideartha);

61. a chur in iúl gur mór aici foilsiú preaseisiúintí, nuashonruithe sna meáin shóisialta agus na hagallaimh maidir lena ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus institiúideacha a bhíonn á dtabhairt ag an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach, na hIonchúisitheoirí Eorpacha agus roinnt ball foirne speisialaithe, go gcuireann an méid sin go mór leis an eolas agus leis an bhfeasacht maidir le ról agus gníomhaíochtaí OIPE;

62. ag spreagadh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh chun gníomhaíochtaí spriocdhírithe a chuimsiú i measc a gníomahíochtaí straitéiseacha ar mhaithe lena hinfheictheacht a mhéadú agus tacú leis an eolas agus an tuiscint ar fhís an Aontais agus ar a chur chuige maidir le leasanna an Aontais agus na gcáiníocóirí a chosaint.